

Ábhar

Cúrsaí Taistil: Éireannaigh sa tSín

Téacs Léitheoireachta

Sliocht as an leabhar *Misean Mhaigh Nuad chun na Síne 1916-1963* le Pádraig Ó Murchú

Foilseacháin Ábhair Spioradálta: Baile Átha Cliath 2003

Le caoinchead ón údar agus ó Foilseacháin Ábhair Spioradálta

Mír Fuaime

Pádraic Ó Tuairisc ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag labhairt faoi chúrsaí taistil

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar an téacs d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



Cúrsaí Taistil: Éireannaigh sa tSín

Réamhobair

Beidh tú ag léamh cuntais ar ball faoi eachtraí a bhain de mhisinéirí Éireannacha sa tSín sna 1920í. Sula léann tú an cuntas, déan an réamhobair seo.

Plé

- Cén saghas saoil a shamhlófá a bheith ag misinéirí Éireannacha sa tSín sna 1920í?
- Cad atá ar eolas agat faoi stair na Síne?
- Cén dearcadh atá agat faoi obair misinéirí?
- Cad iad na tréithe, dar leat, a bhain leis na misinéirí Éireannacha a d'imigh thar lear le linn an chéid seo caite?

Tasc

Tá fonn ort dul ag obair le carthanas thar lear tar éis na céime. Scríobh litir iarratais a bheadh oiriúnach le cur isteach ar scéim a chuirfeadh ar do chumas dul ag obair i dtír de do rogha féin, le heagraíocht de do rogha féin.

Léamh

- Tá an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo le fáil sa téacs. Déan iarracht iad a aimsiú agus tú ag léamh. An bhféadfá buille faoi thuairim a thabhairt faoi mhórán díobh roimh ré?

he took the leadership of
defence forces
warlords
when he had suppressed them
civil war
the millions who were dispossessed
in power
in coalition
the land question
they stayed where they were
orphans
infanticide
corruption
trapped
to arrest them
opium
he paddled across the river
his body was never found

- Cén léiriú a thugtar sa téacs ar na nithe seo a leanas:

stair na Síne; tréithe na gColmáinach; saol an mhisinéara; tionchar an chogaidh ar an tír agus ar na misinéirí.

- Bunaithe ar an méid a thug tú faoi deara faoi stíl an tsleachta seo, cén cur síos is fearr as an liosta thíos a d'oirfeadh?

iriseoireacht
cur síos eachtrúil
taighde
scéalaíocht

Feasacht Teanga

- Féach ar na focail thíos. An bhfuil difear eatarthu? Má tá, cad é? Cén comhthéacs ina n-úsáidfeá iad?

tine	dóiteán	
bóthar	ród	
bronntanas	tabhartas	
obair	saothar	
corp	corpán	
eagla	scéin	sceimhle
réabhlóid	éirí amach	léirsiú
cogadh	ár	

- Seo thíos focail as an téacs agus focail eile atá cosúil leo ó thaobh fuaimnithe nó litrithe de. Cuir in abairtí iad a léireodh an difear eatarthu.

áireamh	áirithe	in áirithint	
in uachtar	uachtarach	uachtar	
tiarna	Tiarna		
i gcomhair	i gcomhar	cóir	coir
i ndán	in ann		
deifir	difear	difríocht	
i gcion ar	dár gcionn	i gceann	cion

- Déan na focail thíos a fhuaimniú. An bhféadfá cur síos a dhéanamh ar na tréithe foghraíochta i gcúpla cás?

suaite	suite	súite	
an tSín	an tuin	an toinn	
bunú	buanú	bánú	
éide	éad		
lán a shúl	súil	siúl	chun siúil

- ‘...b’in teist an Éireannaigh riamh...’

Cad is brí le ‘teist’ anseo? Conas a chuirfeá Béarla ar na habairtí thíos?

tá an teist sin air
tá teist an achrainn air

Cuir an focal ‘teist’ in abairtí tú féin.

- ‘...níor mhaolaigh imeacht na mblianta an chuimhne a bhí ag na misinéirí ar an scanradh...’

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo:

my memory is getting worse every year
I must memorize that list
I can’t remember that poem
I have great memories of that time
do you remember her?
I can’t think of her name
let me think a minute

Iarobair

- ‘...Sin é an t-am a thosaigh *The Far East* ag rá “Agus muid ag dul i gcló níl aon tuairisc againn ón tSín”. Is mó uair a úsáideadh na focail chéanna as sin amach...’

Pléigh: I gcomhthéacs na meán nua agus an ghréasáin, an ndéarfá go dtarlódh a leithéid sa lá atá inniu ann?

- Pléigh an ráiteas seo a leanas ón scríbhneoir taistil Rolf Potts:

‘...at one level the ubiquity of smartphones and wireless internet makes travel more accessible: apps such as image recognition search Google Goggles can be more dynamic than guidebooks, and sites like couchsurfing.com help travellers connect with local hosts. On another level, part of travel’s charm has always been its disorienting uncertainty – and it can be hard to stumble into serendipity when all your travel decisions are filtered through your iPhone...’ *The Guardian*.

- ‘...ach mar Éireannaigh dhein siad cúis gháire de gach sórt ócáide. B’in teist an Éireannaigh riamh...’
Cad é ‘teist an Éireannaigh’ dar leat féin? Pléigh agus scríobh cur síos.
- An mbaineann tusa úsáid as *Twitter* chun scéalta nuachta / scéalta ó thíortha thar lear a fháil? Scríobh cur síos ar *Twitter* a léireodh do dhuine nach dtuigeann é cad go díreach atá i gceist.

- Éist leis an mír fuaimne ina bhfuil Pádraic Ó Tuairisc ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag labhairt faoi thaiséal i ndiaidh na céime agus pléigh na ceisteanna seo.
 - o Cad a shíleann tú den chomhairle a thugann Pádraic?
 - o Cad a shíleann tú den abairt thíos a deir Pádraic? ‘...ach bheith in ann a theacht abhaile – sin ceann...sin rud tábhachtach. Má fhéadann tú ar chor ar bith, a theacht abhaile...’

Téacs

Fuair Sun Yat Sen bás i 1925 agus ghlac Chiang Kai Shek ceannas ar an bPáirtí Náisiúnta, ar an Rialtas agus ar na fórsaí cosanta. Dhein sé féin agus na Cumannaigh na tiarnaí cogaidh a chloí. Bhí marú agus dóiteáin i ngach áit. Nuair a bhí Chiang cinnte go raibh na tiarnaí cogaidh curtha faoi chois aige, d'iompaigh sé ar na Cumannaigh chun an rud céanna a dhéanamh orthusan – bhí cogadh cathartha tosaithe, agus na Colmbánaigh ina lár istigh. Lean an cogadh sin ó 1927 go 1931 agus níl áireamh ar na milliúin a maraíodh nó a díshealbhaíodh sa tréimhse sin.

Áit ar bith ina raibh na Cumannaigh in uachtar, bhí gluaiseacht fhritheachtrannach, fhríth-Chríostaí ar bun chomh maith. Nuair a bhí na Cumannaigh i gcomhrialtas idir 1923 agus 1927 bhí seans acu eagrú a dhéanamh ar an ngluaiseacht seo. Ní raibh sa chomhrialtas dar leo ach leithscéal chun athrú treorach a chur ar theagasc Marx-Lenin. Bhí cumannachas Síneach le bunú agus le buanú. As sin amach thabharfadh muintir na tuaithe an réabhlóid isteach leo i dtreo na gcathracha. Bhí ceist na talún le réiteach agus thaispeáin na Cumannaigh don phobal conas é sin a dhéanamh. Bhí tiarnaí le ruaigeadh agus a gcuid talún le tabhairt do na bochtáin. Chrom an rialtas ar dheacrachtaí na comharsanachta a réiteach. Ghlac bochtáin na tuaithe leis sin.

...I gcaitheamh na tréimhse caithréimí sin theith tuairim agus 8,000 misinéir Protastúnach as an tSín. Cuireadh na siúracha go léir síos go dtí Shanghai, áit a mbeidís sábháilte. D'fhág na Bráithre Críostaí an tSín i 1926. Ní fhaca siad aon tslí go mbeidís ábalta a gcúram a dhéanamh agus cúrsaí na tíre mar a bhí. D'fhan na sagairt Cholmbánacha mar a raibh siad, rud a chuaigh go mór i gcion ar an bpobal. De bharr na forbartha ar fad deineadh Biocáireacht Aspalda de Han Yang agus oirníodh an Moinsíneoir Ó Gealbháin ina Easpag i mí na Nollag 1927. Bhí cúrsaí chomh suaite sa tír nach raibh na Colmbánaigh go léir ábalta taisteal go dtí an searmanas. Ní raibh a bhachall, a mhítear, ná a éide easpaig tagtha go dtí Han Yang i gcomhair an lae. Tháinig siadsan ina gceann agus ina gceann i rith na míosa dár gcionn. Níor tógadh pictiúr oifigiúil an Easpaig go dtí 1934! Tar éis an tsearmanais bhí cóisir bhreá ann i dteach an Easpaig agus thug Pádraig Ó Conaill óráid uaidh as Gaeilge.

...Bhí cogadh cathartha agus tuilte báistí ann ag an am céanna. Bhí leath an limistéir faoi uisce. Bhí daoine ag teitheadh lena gcuid ar a ndroim. Bhí na mílte ag fáil bháis den ocras. Bhí corpáin caite ar thaobh an bhóthair, gan sochraid i ndán dóibh. Bhí dílleachtaí i ngach áit ar fud na tíre. Bhí naíonmharú á chleachtadh go forleathan. Bhí 85 misinéir marbh ar fud na Síne. I rith an ama sin go léir bhí na Cumannaigh ag dul ó neart go neart mar go raibh an Páirtí Náisiúnta lofa le caimiléireacht de gach sórt. Ní raibh uathusan ach cumhacht agus airgead. Ní raibh suim acu sna bochtáin. Níor mhar sin dos na Cumannaigh, a thug gach cabhair dóibh.

Pé slí ina bhféachtar air, bhí na Colmbánaigh teanntaithe ó gach taobh. Bhraith siad go mór ina n-aonar. Bhí gach dream misinéirí eile sábháilte thíos i Shanghai. Bhí cogadh agus tuilte ina dtimpeall. Bhí fritheachtrannachas agus frith-Chríostaíocht rompu dá rachaidís taobh amuigh de chlós an tséipéil.

Bhí deireadh ar fad le gnáthobair paróiste. Bhí deireadh leis an bhfís a stiúraigh i dtreo na Síne iad. Ní hiadsan a d'iompódh an tSín chun na Críostaíochta. Bhí sé deacair go leor maireachtáil. An rud ba mheasa ar fad ná an eagla. Ní raibh a fhios acu an t-am den lá ná den oíche a thiocfadh dream éigin isteach chucu chun iad a ghabháil. An mbeadh aithne acu ar chuid de na daoine sin?

Cad a dhéanfaí leo? An ndéanfaidís féin an seasamh a bhí ceaptha dóibh? An dteipfeadh orthu ar an uair ba thábhachtaí ar fad? An marófaí iad agus dá marófaí, cén bás a gheobhadh siad? Bhí gach sórt smaoinemh mar sin ag rith trí intinní na misinéirí agus iad i bhfad ó chabhair agus i bhfad óna chéile in áit uaigneach iargúlta. Ní raibh codladh na hoíche ag éinne.

Sin é an t-am a thosaigh *The Far East* ag rá, ‘Agus muid ag dul i gcló níl aon tuairisc againn ón tSín’. Is mó uair a úsáideadh na focail chéanna as sin amach. Ba bhrónach an abairt í i míosachán an mhisin. Bhí muintir na misinéirí sa bhaile faoi bhuairt chomh maith. Bhí na misinéirí féin ag fáil scéalta mar gheall ar a gcompánaigh. Tháinig buíon de lucht na tuaithe isteach go dtí Pádraig Ó Conaill agus Proinsias Ó Dónaill. Tarraingíodh amach as a dteach iad, deineadh iad a chrústáil go dona, agus ansin chaith siad cúpla seachtain i ngéibheann. Sciúrsáladh Tomás Ó Riain le slata bambú i gclós a shéipéil. Chonaic Uilic de Búrca caoga duine á gcur chun báis, duine i ndiaidh duine, i gclós a shéipéil. Bhí sé féin tugtha i láthair chun lán a shúl a bhaint as an radharc.

Gabhadh Seán Ó Leathlobair agus chaith seisean ceithre lá gan bia gan deoch. Ansan cuireadh mála a bhí lán de chodlaidín isteach ina bhéal agus caitheadh isteach i ngort é chun bás crua fada a fháil. Chonaic comharsa éigin cad a bhí tarlaithe, chuaigh i gcabhair air agus shábháil é. Blianta ina dhiaidh sin, i 1945, deineadh mairtíreach de sna hOileáin Philipíneacha. Níor thángthas riamh ar a chorp.

Bhí Liam Breathnach ag teitheadh as a pharóiste. Ní raibh aon bhád ann chun é a thabhairt trasna na habhann. Rug sé ar sheandoras a bhí caite ar thaobh an chosáin, léim sé air agus rinne sé lapadaíl trasna na habhann. Tar éis siúl lae a dhéanamh bhuaíl sé isteach fuar fliuch i dteach Phádraig Maguire. Chuir sé iachall ar Phádraig teitheadh ina theannta mar go raibh arm mór éigin ag gabháil an treo agus scrios á dhéanamh acu. ‘Ceart go leor, rachaidh mé leat’, arsa Pádraig, ‘ach beidh cluiche cártaí againn ar dtús’. Léiriú ar aonaracht, ar chrógacht, ar chreideamh, ar thoil Dé – pé slí a thagann sí – agus ar an dúil a bhí ag cuid acu sna cártaí.

Uair eile bhí Séamas Ó Ruairc agus misinéir eile ag teitheadh ó na Cumannaigh agus deifir a n-anama orthu. Ag trasnú an ghoirt dóibh bhuaíl Séamas a lámh ar a phóca agus bhéic amach ‘Mhuire Mháthair, tá mo phíopa dearmadta agam’. Ní mór cúis gháire a bhí ag aon duine an tráth sin sa tSín ach mar Éireannaigh dhein siad cúis gháire de gach sórt ócáide. B’in teist an Éireannaigh riamh. D’íoc na Colmbánaigh ardphraghas as an méid a dhein siad agus as an méid a d’fhág siad gan déanamh, i rith na dtrioblóidí sin.

Ar thaobh amháin den scéal, bhí na Síningh fíorbhuíoch díobh as an seasamh a dhein siad leo sa chruatan. Ní dhéanfaí dearmad go deo air sin agus tá sin fós de theist orthu. Ar an taobh eile de, chuir cruatain an tsaoil isteach go mór ar mhisneach agus ar shláinte na misinéirí. Níor mhaolaigh imeacht na mblianta an chuimhne a bhí ag na misinéirí ar an scanradh, an eagla, an gortú, agus an aonaracht a lean tromluí uafásach na mblianta sin. Buaileadh misinéirí síos le gach sórt breoiteachta. Níorbh iad an mhaláire, an fiabhras tíofóideach, ná an dinnireacht ba mheasa. Is leis an aigne agus leis an misneach a bhain cuid de na deacrachtaí, agus is minic go mba dheacrachtaí iad nár leigheasadh riamh. Bhí ar na sagairt aghaidh a thabhairt ar an mbaile nó ar thír éigin eile, rud a rinne a lán díobh.

Misean Mhaigh Nuad chun na Síne 1916-1963 le Pádraig Ó Murchú. Foilseacháin Ábhair Spioradálta, Baile Átha Cliath 2003. Le caoinchead ón údar agus ó Foilseacháin Ábhair Spioradálta.

Téipscript

Ba mhaith liom dul ag taisteal. Sin ceann de na rudaí is mó a thaitneodh liom a dhéanamh ná dul ag taisteal. Agus sílim go bhfuil sé tábhachtach, má tá tú in ann a dhul ag taisteal a dhul ag taisteal is gan tú féin a cheangal síos róluath sa saol ach an oiread; ba cheart go mbeifeá in ann dhul ag obair i dtír eile agus sin é an bealach is fearr a fheicfidh tú tír eile ná dul ag obair ann agus tuigfidh tú an cultúr níos fearr agus na daoine agus rudaí ar an gcaoi sin. Agus *you know* is cineál...is taithí duit féin é freisin 'cos beidh tú in ann...feicfidh tú cultúir eile agus feicfidh tú daoine eile agus *you know* feicfidh tú rudaí nua agus rudaí níos suimiúla ná Éire agus beidh tú in ann é sin a thabhairt abhaile leat agus beidh tú i do dhuine níos fearr ina dhiaidh, sílim féin. So le cúnamh Dé *now* i gceann cúpla bliain nó dhá bhliain nó 3 bliana eile beidh mé in ann a dhul ag taisteal dom féin b'fhéidir ar feadh bliain nó dhá bhliain. Ach bheith in ann a theacht abhaile – sin ceann...sin rud tábhachtach. Má fhéadann tú ar chor ar bith, a theacht abhaile.

Pádraic Ó Tuairisc.